Cearta Tomhaltóirí
Cás-Staidéir

Léigh na cásanna thíos.
Breac síos an chomhairle a thabharfá i ngach cás.



Haigh, is mise **Jenny**

Is AOIBHINN liom One Way agus nuair a chuala mé go raibh siad ag teacht go hÉirinn bhí mé go hiomlán ar bís. Thóg sé an lá ar fad orm ticéad a fháil ar líne. Bhí an suíomh ag cliseadh agus ag reo, mar bhí an domhan agus a mháthair ag iarraidh dul ann. Ansin chuala mé an nuacht thubaisteach go raibh an cheolchoirm curtha ar ceal – toisc go bhfuil an príomhamhránaí tinn. Táim iomlán trína chéile. Ceapaim go bhfuil aisíocaíocht ag dul dúinn ach nílim cinnte. Chuir mé ticéad don traein in áirithe freisin, chomh maith le lóistín in óstán i mBaile Átha Cliath. Cad a dhéanfaidh mé anois?

Cén chomhairle a thabharfá do Jenny?

Cearta Tomhaltóirí
Cás-Staidéir

Haigh, is mise **Jamie**

Fuair mé dearbhán le déanaí mar bhronntanas, chun troscán a cheannach do mo theach nua. Cheannaigh mé lampa agus cóifrín cois leapa. Bhí an costas níos lú ná mar a bhí ar an dearbhán. Mar sin dúirt an siopa liom go dtabharfaidh siad dearbhán nua don iarmhéid dom (€15) - seachas an t-iarmhéid a thabhairt dom i bhfoirm airgid. An bhfuil an cead seo ag siopaí? Mar coimeádfaidh siad an €15 anois, toisc nach bhfuil mórán seans go bhfuilim chun aon rud eile a cheannach ansin.

Cén chomhairle a thabharfá do Jamie?